# An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
# Éire

**LÉIRIÚ SPÉISE**

**I**

## gCeapachán chuig Painéal Oifigeach Achomhairc ar féidir leo achomhairc a stiúradh trí Ghaeilge faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Táthar ag iarraidh léirithe spéise i gceapachán chuig painéal oifigeach achomhairc a dhéanfaidh athbhreithniú ar chinntí ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) i dtaca leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015. **Is é cuspóir an phainéil soláthar a dhéanamh d'achomhairc a stiúradh i nGaeilge.**

Ní ghlacfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) le freagracht as faisnéis a chuirtear nó nach gcuirtear in iúl trí thríú páirtithe.

Is é an dáta deiridh ar a nglacfar le Léirithe Spéise ná **Dé Céadaoin an 30 Nollaig 2015**.

# Oifigeach Achomhairc faoin
# Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

## 1. Cúlra

1.1. Síníodh an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 isteach sa dlí an 11 Márta 2015. Is é cuspóir an Achta clár Gréasánbhunaithe gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhunú agus trédhearcacht chuí a sholáthar maidir le "cé atá ag déanamh teagmhála, cé leis a bhfuil sé ag déanamh teagmhála agus cad lena mbaineann an teagmháil sin". Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015.

1.2. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) ag iarraidh iarratas ar cheapachán chuig painéal d'oifigeach achomhairc neamhspleách nó chuig painéal d'oifigigh achomhairc neamhspleácha, painéal a mbeidh sé de dhualgas air breithniú a dhéanamh ar achomhairc in aghaidh cinntí arna ndéanamh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi alt 10(5) (Ábhar agus infhaighteacht phoiblí an Chláir), faoi alt 14 (Foilsiú moillithe) nó faoi alt 22 (Srianta ar fhostaíocht iarthéarma mar bhrústocaire) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 de réir alt 23 (Achomhairc) den Acht sin. Tá cóip den Acht um Brústocaireacht a Rialáil ar fáil ag http://www.per.gov.ie/regulation-of-lobbying/. Is é cuspóir an phainéil soláthar a dhéanamh d'achomhairc a stiúradh i nGaeilge.

## 2. Ról an Oifigigh Achomhairc

2.1. Ní fostaithe de chuid RCPA ná de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin a bheidh in oifigigh achomhairc. Fostófar mar chonraitheoirí neamhspleácha iad, á gcoinneáil ar bhonn neamheisiach agus de réir mar is gá chun seirbhísí a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin nuair a iarrann an Coimisiún um Chaighdeáin orthu déanamh amhlaidh. Fostófar iad ar feadh cibé uaireanta a theastaíonn le réasún chun an tseirbhís a chur ar fáil i gceart agus go dícheallach. Ní bheidh oifigigh achomhairc i dteideal aon táille eile (seachas an táille dá dtagraítear i mír 6.4 thíos), aon tuarastail, aon bhónais ná aon sochar eile ó RCPA ná ón gCoimisiún um Chaighdeáin. Is é an t-oifigeach achomhairc féin a bheidh freagrach as dliteanais chánach ioncaim agus as ÁSPC a bhaint, más infheidhme.

2.2. Is de réir an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015 a dhéanfaidh oifigeach achomhairc breithniú ar achomhairc in aghaidh cinntí ón gCoimisiún um Chaighdeáin.

2.3. Is de chineál ad hoc a bheidh na dualgais lena baineann agus sannfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin na dualgais sin de réir mar a thagann achomhairc chun cinn.

2.4. Beidh an líon achomharc a thiocfaidh chun cinn ag brath ar na hiarrataí a gheofar ar achomhairc faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

2.5. Beidh oifigigh achomhairc neamhspleách agus neamhchlaon le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

2.6. Ní féidir le hoifigigh achomhairc a bheith ina státseirbhísigh de chuid an Rialtais ná an Stáit.

## 3. Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

3.1. Áireofar iad seo a leanas leis na dualgais a bheidh i gceist:

3.1.1. An t-achomharc a eagrú agus a bhainistiú laistigh den tréimhse ama achomhairc atá leagtha amach san Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

3.1.2. A chinntiú go ndéileáiltear go hiomlán agus go tapa leis an achomharc.

3.1.3. Athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ón gCoimisiún um Chaighdeáin faoi ailt 10(5), 14 agus 22 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

3.1.4. Tuarascálacha a chur ar fáil don achomharcóir agus don Choimisiún um Chaighdeáin maidir leis na cinntí ón oifigeach achomhairc i dtaca le hachomhairc, agus na cúiseanna leis na cinntí sin leagtha amach iontu.

3.1.5. A chinntiú go bhfuil gach cinneadh cothrom agus ag teacht le rialacha an cheartais nádúrtha.

3.2. Taispeánfaidh an t-iarratasóir rathúil an méid seo a leanas:

3.2.1. Grinneolas ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

3.2.2. Cumas chun obair a dhéanamh go líofa i nGaeilge (i scríbhinn agus ó bhéal).

3.2.3. Cumas chun anailís chriticiúil a dhéanamh ar shaincheisteanna casta, chun teacht ar chonclúidí agus chun breithiúnais fhónta a dhéanamh.

3.2.4. Tuiscint ar chineál speisialta na timpeallachta agus na hoibre a bhaineann le hachomhairc a phróiseáil, lena n-áirítear an gá atá ann le comhsheasmhacht agus le loighic ar fud cásanna le himeacht ama ionas gur féidir an ceartas taobh thiar de chinntí a mhíniú go soiléir.

3.2.5. Sárscileanna idirphearsanta.

3.2.6. Sárscileanna cumarsáide scríofa agus béil.

3.2.7. Taithí roimhe ar phróiseas achomhairc nó ar phróiseas den chineál céanna.

3.2.8. Dea-scileanna TFC.

3.2.9. Dea-thuiscint ar eitic.

## 4. Próiseas Iarratais

4.1. Ní mór iarratais chomhlánaithe a sheoladh le ríomhphost chuig lobbying@per.gov.ie faoi 5pm Dé Céadaoin an 30 Nollaig 2015. Ní mór an méid seo a leanas a bheith scríofa i líne an ábhair: **Oifigeach Achomhairc RCPA, Brústocaireacht a Rialáil.** Ní mór an t-iarratas agus na doiciméid tacaíochta uile a sheoladh ar ais i mBéarla nó i nGaeilge. Tá sé de fhreagracht ar an iarratasóir a chinntiú go mbeidh an t-iarratas faighte ag RCPA faoin spriocdháta sin.

4.2. Ba cheart don iarratasóir rathúil a bheith in ann saineolas, scileanna agus taithí atá comhchuimseach le raon feidhme agus le cineál na seirbhísí a theastaíonn a thaispeáint. Ba cheart cáilíochtaí agus taithí ghairmiúil, lena n-áirítear CVanna, a bheith ar áireamh san iarratas.

4.3. Sa chás go gcuirfear ar an ngearrliosta iad, fad go gcomhlíonfaidh siad na critéir eile, beifear ag súil go dtabharfaidh iarrthóirí faoi scrúdú scríofa agus béil chun a n-inniúlacht i nGaeilge a thaispeáint.

4.4. Mar threoir d'iarratasóirí féideartha, bheadh sé inmhianaithe dá mbeadh taithí acu ar a bheith ag obair i dtimpeallacht seirbhíse poiblí agus ar achomhairc a bhainistiú.

4.5. Ba cheart sonraí a thabhairt faoi thaithí agus faoi shaineolas ar obair atá cosúil leis sin atá sonraithe i gCuid 3 thuas a chur ar fáil agus a sholáthar. Mar shampla, is féidir sonraí a thabhairt faoi chonarthaí/fhostaíocht roimhe seo laistigh de na cúig bliana seo atá chuaigh thart. Ba cheart scileanna, éifeachtúlacht, taithí agus iontaofacht an iarratasóra i réimsí atá nasctha le hábhar an léirithe spéise seo a thaispeáint sna sonraí sin.

## 5. An Próiseas Roghnúcháin

5.1. Is féidir an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

5.1.1. Iarratasóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis atá tugtha ina n-iarratas d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an líon iarratasóirí a chuirfear faoi réir agallaimh agus triail inniúlachta i nGaeilge. Mar sin, tá sé chun do leasa féin cuntas cruinn mionsonraithe a thabhairt ar an dóigh a gcomhlíonann do chuid scileanna, tréithe pearsanta, cáilíochtaí agus taithí riachtanais an phoist.

5.1.2. Sa chás go dtabharfar cuireadh chun agallamh agus triail inniúlachta i nGaeilge a dhéanamh, gheofar an fógra sin seachtain amháin ar a laghad roimh an agallamh/an triail inniúlachta. Éileofar ar iarratasóirí freastal ar agallaimh ar a gcostas féin. (I gcás iarratasóirí nach dtugann fógra do RCPA nach mbeidh siad in ann freastal ar an agallamh nó ar an triail inniúlachta i nGaeilge, ní bheidh aon éileamh acu ar a mbreithniú don phost agus féadfar a mheas go bhfuil a n-iarratas tarraingthe siar).

5.1.3. Ní mór d'iarratasóirí fianaise dhoiciméadach shásúil a chur ar fáil ar iarraidh ar gach cáilíocht atá maíte acu. Féadfar iad a dhícháiliú má theipeann orthu fianaise dhoiciméadach den sórt sin a chur ar fáil.

5.1.4. Dícháileofar iarratasóirí a sholáthraíonn doiciméid atá bréagach nó míthreorach.

5.1.5. Dícháileofar iarratasóirí má thugann siad faoi chanbhasáil agus bainfear iad den phróiseas dá bharr.

## 6. Ceapachán chuig an bPainéal

6.1. Cuirfear an t-iarratasóir rathúil/na hiarratasóirí rathúla ar phainéal agus sannfar achomhairc faoi rogha an Choimisiúin um Chaighdeáin. Coimeádann RCPA an ceart aici féin chun tuilleadh iarratasóirí ón bpróiseas seo a chur ar an bpainéal amach anseo. Is é RCPA amháin a bheidh in ann é sin a chinneadh agus beidh sé ag brath ar an líon achomharc a dhéanfar.

6.2. Ní ghabhann le ceapachán chuig an bpainéal aon uath-theidlíocht i leith íoslíon deimhnithe cásanna achomhairc ón gCoimisiún um Chaighdeáin. Ní féidir an líon dóchúil achomharc a thiocfaidh chun cinn a mheas. Is é an Coimisiún um Chaighdeáin amháin nó aon oifigeach atá ainmnithe chun na críche sin ag an gCoimisiún um Chaighdeáin a dhéanfaidh cinneadh ar chásanna a atreorú.

6.3. Beidh ar na daoine sin a cheapfar chuig an bPainéal Comhaontú Seirbhíse ceangailteach a shíniú. I measc nithe eile, sonrófar sa Chomhaontú sin na tréimhsí ama faoina gcaithfidh an t-oifigeach achomhairc an t-achomharc a chinneadh (de réir fhorálacha alt 23 (Achomhairc) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015) agus faoina gcaithfidh an tuarascáil a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin ag an oifigeach achomhairc. Sonróidh an Coimisiún um Chaighdeáin leagan amach na dtuarascálacha sin.

6.4. Gheobhaidh oifigeach achomhairc ráta de €400 sa lá. Ní íocfar costais taistil agus chothaithe ná aon chostais eile. Féadfar táillí a choigeartú de réir treoracha ó RCPA. Táthar ag súil go mbeadh obair leathlae ag teastáil i gcás fhormhór na n-achomharc.

6.5. Foirceannfaidh oifigeach achomhairc a cheapachán chuig painéal na n-oifigeach achomhairc ach scríobh chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe más rud é go n-ainmnítear é mar chomhalta de Sheanad Éireann,

go dtoghtar é mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó go n-éiríonn sé ina bhall d'údarás áitiúil nó ina státseirbhíseach.

6.6. Mairfidh téarma an cheapacháin chuig an bpainéal 12 mhí dar tosach an dáta ceapacháin. Féadfar é a shíneadh ar feadh 3 bliana ar a mhéad faoi rogha aonair an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag brath ar riachtanais seirbhíse agus ar fheidhmíocht. Féadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an ceapachán a fhoirceannadh am ar bith ar bhonn cúiseanna a bheidh le lua ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

6.7. A luaithe is a dhiúltaíonn an t-iarratasóir d'áit ar an bpainéal a thairgtear dó, ní bheidh aon dearbhú ann go bhfaighidh sé tairiscint eile.

## 7. Rúndacht

7.1. Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, caithfear le hiarratais go hiomlán faoi rún.

## 8. Oibleagáidí ar Iarratasóirí

8.1. Tá freagracht iomlán ar iarratasóirí as seachadadh sábháilte tráthúil a n-iarratais chuig RCPA.

8.2. Ba cheart iarratais chomhlánaithe i mBéarla nó i nGaeilge a bheith i ndoiciméad ineagarthóireachta Word atá ceangailte leis an ríomhphost. Ba cheart D'ainm.docx a bheith mar ainm ar an doiciméad.

8.3. Moltar go mór duit gan do sheoladh ríomhphoist a athrú le linn an phróisis seo mar gur tríd an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil ar dtús a sheolfar aon chomhfhreagras.

8.4. Más rud é go bhfuil tú den tuairim go bhfuil faisnéis ar bith in easnamh agat, rud a chuirfeadh cosc ort iarratas cuimsitheach a chur isteach, seol ríomhphost chuig lobbying@per.gov.ie a luaithe is féidir agus roimh an spriocdháta le haghaidh iarratais a fháil.

8.5. Ba cheart d'iarratasóirí fógra a thabhairt láithreach do RCPA má thagann siad ar aon athbhrí, neamhréireacht, earráid nó easnamh san iarratas.

8.6. Ní bheidh RCPA faoi dhliteanas i leith aon chostas a thabhaigh an t-iarratasóir ná i leith aon airgid a chaill an t-iarratasóir agus é ag déanamh iarratas a ullmhú nó a chur isteach, ag déanamh iarracht ghaolmhar oibre nó ag freastal ar chruinnithe le RCPA.

8.7. Ní bheidh RCPA freagrach as aon chostais taistil ná aon chostais chóiríochta ar thabhaigh an t-iarratasóir iad.

## 9. Coinbhleacht Leasa

9.1. Ní mór aon choinbhleacht leasa lena mbaineann iarratasóir a chur in iúl go hiomlán do RCPA.

9.2. Aon leas inchláraithe lena mbaineann an t-iarratasóir agus RCPA nó fostaithe de chuid RCPA nó aon leas inchláraithe lena mbaineann an t-iarratasóir agus an Coimisiún um Chaighdeáin nó fostaithe de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin, ní mór é a chur in iúl go hiomlán san iarratas nó ba cheart é a chur in iúl do RCPA láithreach tar éis don iarratasóir teacht ar an eolas sin, sa chás nach dtagann an t-eolas sin ar a aird ach tar éis iarratas a chur isteach agus roimh dhámhachtain an chonartha.

9.3. Léireofar na téarmaí 'leas inchláraithe' agus 'gaol' de réir alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995. Mura gcuirtear coinbhleacht leasa in iúl, féadfar iarratasóir a dhícháiliú nó dámhachtain conartha a dhéanamh neamhbhailí, ag brath ar cén uair a thagann an choinbhleacht leasa chun solais.